Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**7264/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0345(COD)**

**CODEC 305**
**ECODEX 2**
**EJUSTICE 38**
**JUSTCIV 29**
**JAI 354**
**COPEN 91**
**IXIM 53**
**DATAPROTECT 72**
**CSC 103**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas ríomhairithe le haghaidh cumarsáid in imeachtaí sibhialta agus coiriúla trasteorann (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 3 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagail 81(2) agus 82(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 27 Aibreán 2021[2].

3. An 24 Márta 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 13709/20 + ADD1 go dtí ADD4.
[2] IO C 286, 16.7.2021, lgh. 82-87.
[3] 7258/22.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[4][5] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 87/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo, agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[5] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.